Parlaimint na hEorpa
2019-2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

# P9_TA(2021)0275

## An beartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2020

### Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 ar an mbeartas iomaíochta – tuarascáil bhliantúil 2020 (2020/2223(INI))

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 101 go 109 de,

– ag féachaint do rialacha, treoirlínte, rúin, comhairliúcháin phoiblí, teachtaireachtaí agus doiciméid ábhartha ón gCoimisiún maidir leis an iomaíocht,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 maidir le Beartas Iomaíochta 2019 (COM(2020)0302) agus do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ón dáta céanna atá ag gabháil leis,

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Meitheamh 2020 maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ar Bheartas Iomaíochta AE[1],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* (COM(2020)0102) [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip],

– ag féachaint do theachtaireachtaí ón gCoimisiún an 19 Márta 2020, an 4 Aibreán 2020, an 13 Bealtaine 2020 agus an 2 Iúil 2020 maidir le Creat Sealadach um Bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID-19, agus ag féachaint do na leasuithe orthu ina dhiaidh sin[2],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2020 dar teideal *Guidelines on certain State aid measures in the context of the system for greenhouse gas emission allowance trading post 2021* (C(2020)6400) [Treoirlínte i ndáil le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais maidir le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021],

– ag féachaint do Pháipéar Bán ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2020 *on levelling the playing field as regards foreign subsidies* [maidir le machaire comhréidh a bhaint

1 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0158.
2 https://ec.europa.eu/competition/state_aid/what_is_new/covid_19.html

amach i ndáil le fóirdheontais eachtracha] (COM(2020)0253),

– ag féachaint do chinneadh ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 i leith imréiteach a dhéanamh ar éadáil Fitbit ag Google, faoi réir coinníollacha,

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta 24/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dar teideal *The Commission's EU merger control and antitrust proceedings: a need to scale up market oversight* [Imeachtaí an Choimisiúin um rialú cumasc agus in aghaidh trustaí in AE: an gá atá le huas-scálú ar mhaoirseacht margaidh][1],

– ag féachaint don aitheasc ar Staid an Aontais a thug Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, an 16 Meán Fómhair 2020,

– ag féachaint do na freagraí i scríbhinn agus ó bhéal a thug Margrethe Vestager, ar Choimisinéir ainmnithe ag an am í, ag an éisteacht a thug Parlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2019,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach ón nGréasán Eorpach Iomaíochta (ECN) an 23 Márta 2020 maidir le dlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm le linn ghéarchéim an Choróinvíris[2],

– ag féachaint do thuarascáil an 4 Aibreán 2019 ó shaineolaithe ardleibhéil an Choimisiúin dar teideal *Competition policy for the digital era* [Beartas iomaíochta don ré dhigiteach][3],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 22 Márta 2019 maidir le poist, fás agus iomaíochas,

– ag féachaint do chonclúidí ón gcruinniú Urghnách den Chomhairle Eorpach an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020,

– ag féachaint don fhógra a thug an Coimisiún do gheallsealbhóirí an 2 Nollaig 2020 maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe agus rialacha AE i réimse na hiomaíochta, agus fógra an 18 Eanáir 2021 maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe agus rialacha AE i réimse na Státchabhrach,

– ag féachaint don staidéar a rinne an Roinn Beartais um Beartais Eacnamaíochta, Eolaíochta agus Cháilíochta Saoil i bParlaimint na hEorpa i mí na Nollag 2020 dar teideal *Impact of state aid on competition and competitiveness during the COVID-19 pandemic: an early assessment* [Tionchar státchabhrach ar iomaíocht agus ar iomaíochas le linn phaindéim COVID-19: luathmheasúnú],

– ag féachaint do thuarascáil ón bhFochoiste in Aghaidh Trustaí i gCoiste Breithiúna Theach Stát Aontaithe Mheiriceá an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *Investigation of Competition in the Digital Marketplace: Majority Staff Report and Recommendations* [Imscrúdú ar Iomaíocht sa Mhargadh Digiteach: Tuarascáil agus Moltaí Foirne an

---

1 https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR20_24/SR_Competition_policy_EN.pdf

2 https://ec.europa.eu/competition/ecn/202003_joint-statement_ecn_corona-crisis.pdf

3 https://ec.europa.eu/competition/publications/reports/kd0419345enn.pdfl

Tromlaigh][1],

– ag féachaint do pháipéar taighde ó Údarás Iomaíochta agus Margaí na Ríochta Aontaithe an 19 Eanáir 2021 dar teideal *Algorithms: How they can reduce competition and harm consumers* [Algartaim: Mar a dhéanann siad an iomaíocht a laghdú agus dochar do thomhaltóirí],

– ag féachaint do sprioc 2030 AE maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, ar sprioc í a d'fhormhuinigh ceannairí AE i mí na Nollag 2020,

– ag féachaint do theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* (COM(2020)0380) [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche (COM(2020)0098),

– ag féachaint d'Airteagal 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0168/2021),

A. de bhrí go dtairbhíonn tomhaltóirí de mhargaí iomaíocha, go háirithe nuair a bhíonn praghsanna cothroma agus roghanna níos leithne de tháirgí ardcháilíochta mar thoradh orthu; de bhrí go bhfuil beartas iomaíochta AE ceaptha chun cothabháil a dhéanamh ar gheilleagar margaidh oscailte le hiomaíocht shaor, chothrom agus éifeachtach atá i bhfabhar leithdháileadh éifeachtúil ar acmhainní agus nuálaíocht a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt, dá bhrí sin, ar riachtanais FBManna agus ar mhachaire comhréidh a chruthú, chun tairbhe shaoránaigh uile AE; de bhrí go leanann an cuspóir bunúsach sin de bheith ábhartha fiú i ndálaí géarchéime;

B. de bhrí gur fhreagair an Coimisiún do ráig ghéarchéim COVID-19 go mear trí rialacha speisialta iomaíochta a ghlacadh chun suaitheadh tromchúiseach do gheilleagar na hEorpa a leigheas;

C. de bhrí nár cheart bearta eisceachtúla agus sealadacha i bhfoirm iompraíocht fhrithiomaíoch a chur i bhfeidhm chun freagairt don phaindéim, agus nár cheart do chuideachtaí a bhfuil drochbhail orthu ó thaobh airgeadais de iad a shaothrú chun cabhair bhreise a fháil d'uireasa pleananna riachtanacha éifeachtacha um athstruchtúrú;

D. de bhrí gur cheart go mbeadh Státchabhair uile ceaptha agus deonaithe ar bhealach atá freagrach ó thaobh na heacnamaíochta, na sochaí agus an chomhshaoil de; de bhrí, san fhadtéarma, gur cheart go dtabharfaí aghaidh go héifeachtúil ar na dúshláin shóisialta, dhigiteacha agus chomhshaoil leis an mbeartas iomaíochta, agus go mba cheart go mbeadh sé go hiomlán i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le

[1] https://int.nyt.com/data/documenttools/house-antitrust-report-on-big-tech/b2ec22cf340e1af1/full.pdf

cuspóirí Chomhaontú Pháras;

E. de bhrí go bhfuil ríthábhacht le réiteach cliste a dhéanamh ar rialacha iomaíochta an Aontais lena bheartais thionsclaíocha, dhigiteacha, chomhshaoil, shóisialta agus trádála idirnáisiúnta ar mhaithe le machaire comhréidh a áirithiú sna hearnálacha uile, lena neartófar slabhraí luacha athléimneacha agus lean dtreiseofar cruthú post agus iomaíochas domhanda, lena rannchuideofar, dá bhrí sin, le timpeallacht trádála a bheidh fabhrach do FBManna;

F. de bhrí go gcuireann iomaíocht éagórach idir na Ballstáit bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;

G. de bhrí go bhfuil an Coimisiún i mbun athbhreithniú ginearálta a dhéanamh faoi láthair ar éifeachtacht fhorfheidhmiú an bheartais iomaíochta, lena n-áirítear rialacháin in aghaidh trustaí, roinnt rialacha agus treoir maidir le Státchabhair, meastóireacht ar rialacha maidir le rialú cumasc agus athbhreithniú ar an bhFógra um Shainmhíniú ar an Margadh;

H. de bhrí gur sárú tromchúiseach ar rialacha iomaíochta iad na baghcait eacnamaíocha in aghaidh táirgí ó limistéir gheografacha shonracha in AE agus gur cheart aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach;

I. de bhrí go bhfuil gá le bearta a chur i gcrích chun cuideachtaí AE a neartú in aghaidh iomaitheoirí nach bhfuil in AE de bharr na ndúshlán atá ag dul i méid maidir le dul in iomaíocht le mórgheilleagar atá fóirdheonaithe go domhain, amhail an tSín;

J. de bhrí gur den ríthábhacht é struchtúr an mhargaidh oscailte sa trádáil agus san imréiteach lena lamhálfar d'fhíoriomaíocht idir bonneagair an mhargaidh ar mhaithe le hathléimneacht mhargaí caipitil AE a chaomhnú agus a neartú, lena ndreasófar nuálaíochtaí atá faoi stiúir an mhargaidh agus lena ndéanfar, dá bhrí sin, torthaí níos fearr a chur ar fáil do phinsinéirí, do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí; de bhrí gur gá struchtúr margaidh oscailte a chothromú i gcoinne breithnithe cobhsaíochta airgeadais;

K. de bhrí go bhfuil formhór na ngeataí a bhíonn ag tomhaltóirí ar an Idirlíon teoranta do líon an-bheag éiceachóras digiteach agus ardán mór; de bhrí go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis dlús a chur leis an digitiú, lena gcruthaítear dúshláin nua i leith éifeachtacht an bheartais iomaíochta, go háirithe i réimse na rialacha in aghaidh trustaí i gcás nach lamháiltear, go dtí seo, d'idirghabhálacha *ex ante*;

L. de bhrí gur léirigh scannail, imscrúduithe agus fianaise sonraí conas a dhéantar sonraí pearsanta a bhailiú agus a stóráil, ar bhealach iomarcach go minic, chomh maith lena n-úsáid agus lena ndíol le tríú páirtithe ag ardáin, agus an chaoi a bhfuil rianú córasach á dhéanamh ag gníomhaithe agus ardáin teicneolaíochta cheannasacha ar thomhaltóirí ar líne;

M. de bhrí go mbaineann roinnt gnóthas, a thairbhíonn de stádas déach mar ardáin agus mar sholáthraithe araon, mí-úsáid as a seasamh chun téarmaí agus coinníollacha éagóracha a fhorchur ar iomaitheoirí;

N. de bhrí go bhfuil sé á thuar ag anailísithe[1] go mbeidh gabháil go comhpháirteach ag Amazon, Facebook agus Alphabet Inc. (Google) ar 61 % den fhógraíocht dhigiteach uile in 2021, arb ionann é agus dúbailt ar a sciar den mhargadh ó 2015 i leith; de bhrí go dtuilleann Facebook agus Alphabet Inc. (Google) 98.53 % agus 83.3 % dá n-ioncam faoi seach ó fhógraíocht dhigiteach[2];

O. de bhrí gur minic nár éirigh le fíneálacha arna n-eisiúint ag údaráis iomaíochta éifeacht dhíspreagthach a bheith acu ar chuideachtaí móra teicneolaíochta toisc nach meastar iad ach mar chostais a bhaineann le gnó a dhéanamh;

P. de bhrí gur cheart uirlisí in aghaidh trustaí a bheith leormhaith chun aghaidh a thabhairt ar réaltacht nua na margaí digiteacha agus teicneolaíochta atá ag athrú go mear;

Q. de bhrí go bhfuil gá le machaire comhréidh a bheith ann idir gnólachtaí seirbhísí airgeadais agus gnólachtaí teicneolaíochta chun iomaíocht ar bhonn cothrom a áirithiú, de réir phrionsabal an ‘riosca chéanna, na gníomhaíochta céanna, na rialála céanna’;

R. de bhrí gur féidir le halgartaim feabhas mór a chur ar éifeachtúlacht agus lamháil do ghnólachtaí táirgí agus seirbhísí níos fearr a sholáthar do thomhaltóirí; de bhrí, áfach, gur féidir le mí-úsáid algartaim, d’aon ghnó nó go neamhthoiliúil, díobháil a dhéanamh do thomhaltóirí agus don iomaíocht;

S. de bhrí gur cheart go mbeadh rialacha iomaíochta agus Státchabhrach AE i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus go bhféadfadh siad rannchuidiú go mór leis, le straitéis dhigiteach AE, le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe; de bhrí gur ar éigean a thagraíonn cásanna Státchabhrach AE do chuspóirí beartais foriomlána AE den sórt sin;

***Barúlacha ginearálta***

1. á thabhairt chun suntais a ríthábhachtaí atá beartas iomaíochta arb é is aidhm dó machaire comhréidh a áirithiú i ngach earnáil, nuálaíocht a spreagadh agus níos mó roghanna ar cháilíocht níos airde a thabhairt do thomhaltóirí, ar mhaithe le feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a ráthú;

2. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú ar chomhchruinniú tionscail san Eoraip; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, idir 2001 agus 2002, gur tháinig ardú 2-3 % ar mheán an tionscail ar fud na 10 ngeilleagar Eorpach i dtaca le sciar na ndíolachán a bhí ag 10 % de na cuideachtaí ba mhó; ag tabhairt rabhaidh go mbreathnaítear ar an méadú sin i gcás seirbhísí monaraíochta agus seirbhísí neamhairgeadais araon agus nach bhfuil sé á thiomáint ag earnálacha diana digiteacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil na méaduithe ar chomhchruinnithe tionscail ina siocair le huasmharcálacha níos airde a bheith ann agus ar rud é a bhaineann le brabúis níos airde ar chostas thomhaltóirí na hEorpa;

3. á chreidiúint gur den ríthábhacht é do chuideachtaí Eorpacha atá gníomhach sa mhargadh inmheánach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe do FBManna, go

---

1 *GroupMWorldwide, Inc., This Year Next Year: The End-Of-Year Forecasts December 2020*. https://www.groupm.com/this-year-next-year-global-end-of-year-forecast-2020/

2 *Statista dossier on Google, Amazon, Facebook, Apple, and Microsoft (GAFAM), Article (2020)*, https://www.statista.com/study/47704/google-apple-facebook-amazon-microsoft-gafam/

ndéanfaidh údaráis iomaíochta neamhspleácha forfheidhmiú dian agus neamhchlaonta ar rialacha iomaíochta AE, agus gur féidir leis rannchuidiú go suntasach le príomhthosaíochtaí polaitiúla amhail margadh inmheánach níos doimhne agus níos cothroime, margadh aonair digiteach nasctha, iomaíochas domhanda an Aontais, an comhrac in aghaidh éagothromaíochtaí sóisialta agus na géarchéime aeráide, mar aon le luachanna Eorpacha maidir le caighdeáin chomhshaoil, gnóthaí sóisialta, beartas aeráide agus cosaint tomhaltóirí; ag cur béim, áfach, ar a thábhachtaí atá solúbthacht dea-thomhaiste i ndálaí géarchéime;

4. á chur in iúl gur geal léi an comhairliúchán faoi dhlí na hiomaíochta agus faoin gComhaontú Glas don Eoraip mar chéim ionsar chomhtháthú beartais níos fearr a bheith ann; á iarraidh ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta cuimsitheach, réamhbhreathnaitheach a thíolacadh maidir leis an gcaoi ar cheart rialacha iomaíochta agus Státchabhair a athbhreithniú;

5. á mheas, chun a áirithiú go mbeidh machaire comhréidh ann do ghnóthais sa mhargadh aonair agus i margaí domhanda, atá ríthábhachtach do FBManna go háirithe agus chun poist chuibhiúla agus inbhuanaithe a chruthú laistigh agus lasmuigh de AE, go mbraitheann sé freisin ar dhumpáil shóisialta, chomhshaoil agus fhioscach a chomhrac go deimhnitheach agus go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, dlús a chur lena iarrachtaí i leith creat dlíthiúil a bhunú d’ionstraim éigeantach maidir le cearta an duine agus dícheall cuí comhshaoil;

6. á thabhairt chun suntais go bhféadfaidh cleachtais ionsaitheacha chánach ag cuideachtaí ilnáisiúnta, cleachtais chánach dhíobhálacha agus buntáistí cánach atá dírithe ar chuideachtaí móra laghdú a dhéanamh ar an nuálaíocht agus iniomaíocht na margaí a chur i mbaol, go háirithe i gcás FBManna, arb iad cnámh droma gheilleagar na hEorpa iad;

7. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an ECN i dtaobh tacaíocht a thabhairt don chomhar idir na húdaráis iomaíochta náisiúnta (ÚINanna) agus an Coimisiún d’fhonn iomaíocht chothrom a chur chun cinn laistigh den mhargadh aonair trí fhorfheidhmiú neartaithe agus trí chomhroinnt na ndea-chleachtas;

8. ag moladh na n-idirphléití struchtúrtha le Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Iomaíocht an Choimisiúin agus iarrachtaí an Choimisiúin dlúthchomhar a choinneáil le comhaltaí choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa; á mheas gur cleachtadh fíor-riachtanach ó thaobh grinnscrúdú daonlathach de í an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an mbeartas iomaíochta; á mheabhrú, le blianta anuas, go raibh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach i múnlú an chreata le haghaidh rialacha iomaíochta tríd an ngnáthnós imeachta reachtach; á áitiú ar chumhachtaí comhchinnteoireachta Pharlaimint na hEorpa an creat do rialacha iomaíochta a mhúnlú;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as a chumhachtaí abhcóideachta chun na rioscaí a bhaineann le bearta rialaithe praghsanna arna gcur chun feidhme ag rialtais a thabhairt chun suntais, lena n-áirítear na bearta sin a bhaineann le comharthaí praghais a shaobhadh lena bhféadfaí táirgeadh a spreagadh agus lena mbainfí an bonn ó dhreasachtaí d’iontrálaithe nua chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais;

10. ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di gur ann do roinnt Ballstát nár chuir chun feidhme go héifeachtach an Treoir maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí le

tomhaltóirí[1], bunaithe ar mheasúnú an Choimisiúin, rud a rinne dochar ollmhór do thomhaltóirí agus don iomaíocht chóir; á iarraidh ar an gCoimisiún grinnscrúdú a dhéanamh ar na clásail éagóracha agus ar na cleachtais éagóracha a bhfuil úsáid á mbaint astu, go háirithe ag earnáil na baincéireachta, i gconarthaí tomhaltóirí agus a áirithiú go gcuirfear an Treoir seo chun feidhme go héifeachtach agus go mear trí úsáid a bhaint as gach modh atá ar fáil;

11. á aithint gur cheart d'acmhainní d'Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta an Choimisiúin (AS COMP) a bheith leormhaith chun teacht lena hualach oibre agus lena raon cúraimí; á mheas go bhfuil gá le saineolas sonrach a áirithiú maidir le saincheisteanna digiteacha agus cleachtais na n-ardán ar líne lena n-áireofar eacnamaithe iompraíochta, speisialtóirí algartaim, innealtóirí agus eolaí sonraí; á iarraidh ar an gCoimisiún, Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas maidir le leithdháileadh acmhainní idir rialú ar Státchabhair, rialú cumaisc, agus in aghaidh trustaí;

***Freagairtí beartais ar COVID-19***

12. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Creat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach, agus leasuithe chun é a fhadú agus a mhéadú, a cuireadh ar bun mar fhreagairt ar fhorbairtí gan choinne a bhaineann le géarchéim COVID-19 gan fasach chun a chur ar chumas na mBallstát tacú le cuideachtaí le linn na paindéime; ag tacú le bearta eisceachtúla a choinneáil chomh fada agus atá bonn cirt leo mar gheall ar an staid eipidéimeolaíoch, ach á chur i bhfios go láidir gur uirlis shealadach gurb ea an Creat; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach iomaíochas éifeachtach a athbhunú sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun a áirithiú go mbeidh an téarnamh sin mear agus comhsheasmhach; á chur i bhfáth gur cheart go n-éireodh bearta tacaíochta níos spriocdhírithe de réir mar a théann an téarnamh chun cinn; ag tabhairt dá haire difríochtaí substaintiúla idir na Ballstáit maidir leis an spás fioscach atá ar fáil dóibh chun Státchabhair a sholáthar;

13. á chur in iúl gur geal léi teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat Sealadach chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna in aghaidh trustaí a bhaineann le comhar gnó mar fhreagairt ar chásanna práinne a eascraíonn as ráig COVID-19 atá ann faoi láthair; á mheas, le treoir agus tacaíocht maidir le rialacha in aghaidh trustaí go ndéanfar éascú ar an gcomhar a bhfuil gá leis chun géarchéim COVID-19 a shárú, rud a théann chun tairbhe na dtomhaltóirí;

14. ag tabhairt dá haire go n-áirítear coinníollacha áirithe le haghaidh cineálacha áirithe beart Státchabhrach leis an gCreat Sealadach amhail athchaipitliú; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, coinníollacha amhail toirmeasc ar dháileadh díbhinní, ar íocaíochtaí bónais agus ar athcheannach scaireanna; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nár forchuireadh coinníollacha den sórt sin ar bhearta eile Státchabhrach; á iarraidh ar an gCoimisiún coinníollacha den sórt sin a fhorchur ar na bearta uile maidir le Státchabhair atá sa Chreat Sealadach, lena n-áirítear, go háirithe, bearta athchaipitlithe, nár cheart a mheas ach amháin mar réiteach na rogha deiridh ag na Ballstáit, i ngeall ar an tionchar mór ar féidir a bheith acu ar an margadh inmheánach;

15. ag tacú le bearta éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas vacsaíní i

1 Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra IO L 95, 21.4.1993, lch. 29.

gcoinne COVID-19, go háirithe i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, agus, dá bhrí sin, ag tacú leis an gCoimisiún agus na Ballstáit ina n-iarrachtaí chun brí a chur ar thríú tíortha deireadh a chur leis na toirmisc onnmhairiúcháin atá ann cheana agus dlús a chur le deonú vacsaíní, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a mhéadú tuilleadh chun tacú le haistriú teicneolaíochta agus ceadúnú deonach maidir le cearta maoine intleachtúla chun galair ionfhabhtaíocha eindéimeacha nó phaindéimeacha a chóireáil ar fud an domhain;

16. á chur i bhfios go láidir, le gníomhaíochtaí an Choimisiúin atá dírithe ar dheireadh a chur leis na dálaí as a n-eascraíonn monaplachtaí agus seasaimh cheannasacha agus ar chistiú poiblí a theorannú do chuideachtaí, ar cistiú é a d'fhéadfadh a bheith ina shiocair leis na dálaí sin, nach dtugtar leo aon réiteach ar shaincheist na míbhuntáistí córasacha agus struchtúracha a dhéanann difear d'iomaíochas gnólachtaí atá bunaithe agus ag oibriú ó chríocha oileánacha agus ó réigiúin is forimeallaí na hEorpa;

17. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá comhtháthú beartais agus aon chabhair a dheonaítear do chuideachtaí atá ag fulaingt le hiarmhairtí díreacha airgeadais na paindéime; á thathant, thairis sin, go gcuirfear toirmeasc ar chuideachtaí a bhaineann úsáid as tearmainn chánach lasmuigh de AE chun cáin a sheachaint, ó rochtain a fháil ar Státchabhair nó ar thacaíocht airgeadais mura ngeallann siad go n-athróidh siad a n-iompar;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treochlár iar-COVID-19 a sheoladh le haghaidh Státchabhair a bheidh spriocdhírithe ar bhonn níos fearr ar mhaithe le hiomaíochas a chur chun cinn agus poist a choimirciú; ag moladh go bhféadfaí bearta a áireamh i dtreochlár den sórt sin chun dul i ngleic le hilroinnt agus le saobhadh an mhargaidh i ngeall ar éagothrom iomaíochta, anailís ar thionchar na Státchabhrach ar an margadh inmheánach, agus treoir shoiléir maidir leis an mbealach is fearr chun úsáid a bhaint as uirlisí beartais iomaíochta ar mhaithe leis an téarnamh a chothú; ag tathant ar an gCoimisiún, thairis sin, príomhshruthú a dhéanamh ar straitéisí tionsclaíocha, digiteacha agus glasa agus na dálaí a bheidh ann sa todhchaí don Státchabhair á leagan síos aige;

19. ag athdhearbhú na tosaíochta lena n-áiritheofar go ndéanfar rialacha Státchabhrach agus rialáil baincéireachta na hEorpa a fhorfheidhmiú go docht agus go neamhchlaonta, lena n-áirítear nuair atáthar ag déileáil le géarchéimeanna baincéireachta a bheidh ann sa todhchaí; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh go mear ar na neamhréireachtaí atá ann idir na rialacha maidir le Státchabhair i réimse an chúnaimh leachtachta agus an chórais réitigh faoin Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc[1] (Treoir BRR), agus athbhreithniú a dhéanamh ar Theachtaireacht

---

1 Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

Baincéireachta uaidh an 30 Iúil 2013[1] i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcreat bainistithe géarchéime, lena n-áirítear i bhfianaise na gcásanna a bhí ann le déanaí, agus an gá atá ann cáiníocóirí agus coigilteoirí a chosaint ar ualach tarrthála na mbanc á chur san áireamh;

20. ag tabhairt dá haire nár cheart rialacha iomaíochta agus Státchabhrach AE a mheas gan beartais airgeadaíochta, trádála agus fhioscacha a chur san áireamh; á iarraidh go ndéanfar machnamh ar shaobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó cheannacháin bannaí corparáide an Bhainc Ceannais Eorpaigh; ag cur béim, ina leith sin, ar choincheap na roghnaíochta sa Státchabhair agus in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ina bhfuil prionsabal an dílseachta mar a thugtar air;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú agus faireachán a dhéanamh ar úsáid agus dáileadh cuí bhearta cistiúcháin éagsúla AE mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, lena n-áirítear trí Phleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (NRRPanna) na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta de chuid na mBallstát, ar cheart dóibh a bheith i gcomhréir le rialacha iomaíochta agus Státchabhrach AE, nár cheart go mbeadh aon saobhadh iomaíochta mar thoradh leo, agus nach foláir iad a chur i bhfeidhm go cothrom maidir le gach cuideachta, go háirithe in earnálacha criticiúla amhail earnáil na teileachumarsáide, an fhuinnimh agus an iompair; ag tathant ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar aon saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann; á chur i bhfáth nár cheart Státchabhair a dheonú do chuideachtaí a bhí neamhéifeachtúil agus a raibh caillteanas struchtúrach acu roimh ghéarchéim COVID-19, ná go ndéanfaí foirmiú struchtúr monaplach a spreagadh;

***An ghné dhomhanda***

22. ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le hidirphlé domhanda agus comhar domhanda atá ag éirí níos struchtúrtha i gcónaí maidir le forfheidhmiú an bheartais iomaíochta agus le hathchóiriú ar mhaithe le cur chuige comhchoiteann ionsar iomaíocht chóir;

23. ag tacú le rannpháirtíocht ghníomhach an Choimisiúin agus ÚINanna sa Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht (LII) agus ag tathant go mbeadh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach ar bhonn níos dlúithe i ngníomhaíocht na meithleacha agus na ngrúpaí saineolaithe ábhartha de chuid LII agus ECFE;

24. ag tacú le straitéis an Choimisiúin deireadh a chur leis na héifeachtaí diúltacha a eascraíonn as cur i bhfeidhm neamhdhleathach seach-chríochach na smachtbhannaí aontaobhacha i gcoinne oibreoirí AE ag tríú tír; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, teachtaireacht an 19 Eanáir 2021 ón gCoimisiún dar teideal *European economic and financial system: fostering openness, strength and resilience* (COM(2021)0032) [Córas eacnamaíoch agus airgeadais Eorpach: lena gcothaítear oscailteacht, neart agus athléimneacht];

25. á chur i bhfáth gur féidir le comhaontuithe comhair tiomnaithe le tríú tíortha i réimse an bheartais iomaíochta rannchuidiú go fóinteach le héifeachtacht an bheartais iomaíochta agus á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh de na comhaontuithe tiomnaithe iomaíochta

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún ón 1 Lúnasa 2013 maidir le rialacha Státchabhrach a chur i bhfeidhm, chun tacú le bearta i bhfabhar na mbanc i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais, IO C 216, 30.7.2013, lch. 1.

sin a shaothrú chun go lamhálfar d'fhaisnéis a mhalartú ar bhealach níos éifeachtaí idir na húdaráis iomaíochta; á mheabhrú, thairis sin, nach foláir do AE machaire comhréidh agus cómhalartacht lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta a áirithiú ó thaobh Státchabhrach, soláthar poiblí agus beartas infheistíochta de; á iarraidh ar an gCoimisiún na caibidlí maidir le Státchabhair a atreisiú i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta sa todhchaí;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar an ról atá ag fiontair faoi úinéireacht stáit atá lonnaithe ar an gcoigríoch agus a fhaigheann tacaíocht agus fóirdheontais óna rialtais ar bhealaí ina gcuirtear toirmeasc ar eintitis AE déanamh amhlaidh le rialacha mhargadh aonair AE; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an iomaíocht státmhaoinithe shaobhach de thoradh éadáil a bheith á déanamh ag gnóthais eachtracha ar ghnóthais Eorpacha, go háirithe na gnóthais sin atá gníomhach in earnálacha agus teicneolaíochtaí nuálacha nó straitéiseacha, iad siúd atá i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, agus iad siúd atá lagaithe ag paindéim COVID-19;

27. á chur in iúl gur geal léi, mar réamhchéim, teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/452 lena mbunaítear creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas[1] a scagadh mar aon leis an bPáipéar Bán ón gCoimisiún maidir le cothrom na Féinne a thabhairt i gcrích i ndáil le fóirdheontais eachtracha; ag tabhairt faoi deara an brú leanúnach atá ar chuideachtaí AE ó tháthcheangal ón gcoigríoch agus ag tabhairt rabhaidh go bhfuil gá le gníomh práinneach; á chur in iúl, dá bhrí sin, go bhfuil sí ag dréim leis an togra reachtach ón gCoimisiún atá beartaithe a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí saofa a bhíonn ag fóirdheontais eachtracha ar an margadh inmheánach;

28. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh gnóthais AE in ann dul san iomaíocht ar bhonn cothrom sna margaí domhanda; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a bheartas iomaíochta agus Státchabhrach a oiriúnú chun forbairt thionsclaíoch i ndáiríre a chur chun cinn; á thabhairt chun suntais gur féidir le beartas tionsclaíoch cliste cabhrú le hacmhainní a ath-leithdháileadh ar phríomhearnálacha áirithe gan an iomaíocht a shaobhadh, agus an bealach a réiteach, dá bhrí sin, do gheilleagar athléimneach agus inbhuanaithe san fhadtéarma; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur gá don Aontas agus do na Ballstáit feabhas a chur ar shineirgí idir beartais, infheistíochtaí agus beartas iomaíochta spriocdhírithe AE chun poist agus slabhraí luacha athléimneacha a chothú ar mhaithe le neamhspleáchas AE a bhaint amach i dtionscail straitéiseacha áirithe agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna;

29. á iarraidh go ndéanfaidh tionscal na hEorpa infheistíocht láidir i dtaighde agus i bhforbairt, d'fhonn machaire comhréidh idir táirgeoirí lasmuigh agus laistigh de AE a áirithiú, lena ndéanfar cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, lena n-áirítear an t-aistriú chuig modhanna táirgthe ísealcharbóin, agus lena dtacófar le hiomaíochas ghnóthais AE *vis-à-vis* iomaitheoirí tríú tír nach bhfuil a bpróisis táirgthe faoi réir na gcritéar céanna leis na critéir a chinntear ar leibhéal AE; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún, ina leith sin, a mharana a dhéanamh ar chabhair don taighde agus don nuálaíocht a mhéadú mar is amhlaidh i gcás na teicneolaíochta lena nginfear

---

1 Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1).

seachtrachtaí dearfacha don chomhshaol nó don chóras fuinnimh foriomlán;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún spleáchais straitéiseacha a shainaithint, go háirithe in éiceachórais thionsclaíocha íogaire, agus bearta a mholadh chun iad sin a laghdú, lena n-áirítear trí shlabhraí táirgthe agus soláthair a éagsúlú, lena gcothófar táirgeadh agus infheistíocht san Eoraip, agus lena n-áiritheofar stoc-charnadh straitéiseach; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, a thábhachtaí atá Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí suaiteacha; á iarraidh ar an gCoimisiún, maidir leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar theachtaireacht ó IPCEI, chun IPCEInna a chur chun cinn tuilleadh, rialacha roghnúcháin le haghaidh IPCEInna a shoiléiriú, roinnt critéir agus ceanglais chur chun feidhme a athbhreithniú agus a shimpliú, agus machnamh a dhéanamh ar lamháil do chómhaoiniú níos éasca ó AE, ar mhaithe le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe ó na Ballstáit bheaga a éascú agus chun a áirithiú gur fusa a bheidh sé do thionscadail bheaga taighde thionsclaíocha tairbhiú de thacaíocht;

31. ag tacú le seiceáil chríochnúil Státchabhrach ar ghnóthais ó thríú tíortha a áireamh i rialacha iomaíochta AE, agus á chur i bhfáth, ag an am céanna, gur cheart don Aontas leanúint de bheith oscailte d’infheistíochtaí díreacha coigríche atá i gcomhréir lena chreat dlíthiúil, lena n-urramófar na caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil Eorpacha agus nach ndéanfar leis iomaíocht a shaobhadh; ag athdhearbhú, ina leith sin, a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, ar feitheamh breithniú ar an togra maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (CBAM), ionstraimí cosanta trádála athneartaithe a ghlacadh chun cleachtais éagóracha trádála a chomhrac agus chun iomaíochas na n-earnálacha tionsclaíocha go háirithe a chosaint; á chur i bhfáth ag an am céanna nár cheart úsáid a bhaint as cinntí maidir le beartas iomaíochta mar bheart cosantach agus á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfar anailís iarmhartach ar rialacha Státchabhrach AE maidir le hiomaíochas tíortha ísealioncaim agus meánioncaim;

32. ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di, i gcomparáid le comhaontuithe trádála eile, amhail an comhaontú leis an Eilvéis, go bhfuil an Comhaontú Trádála agus Comhair (TCA) idir AE agus an Ríocht Aontaithe níos laige; á chur in iúl gur oth léi go háirithe nach bhforáiltear le TCA idir AE agus an Ríocht Aontaithe do mhachaire comhréidh iomlán maidir le Státchabhair agus iomaíocht; á iarraidh ar AE agus ar an Ríocht Aontaithe teacht ar chomhaontú chun comhoibriú go leanúnach agus iarracht a dhéanamh iomaíocht chóir agus machaire comhréidh a bhaint amach;

***Beartas iomaíochta sa ré dhigiteach***

33. á chur in iúl gur geal léi díograis an Choimisiúin i leith aghaidh a thabhairt ar théarmaí agus cleachtais éagóracha, gníomhú go cinntitheach, agus fáil réidh le bacainní neamhdhlisteanacha ar iomaíocht ar líne i margadh aonair digiteach na hEorpa; á chur in iúl gur oth léi a mhoille atá imscrúduithe in aghaidh trustaí i gcomparáid le margaí digiteacha mearghluaiseachta; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, 10 mbliana tar éis imscrúdú a thionscnamh maidir le cleachtais chuardaigh laofachta Google, nach bhfuil a imscrúdú tugtha chun críche ag an gCoimisiún go fóill; á mheas, sa gheilleagar digiteach, go leanann cliseadh sa mhargadh, tógáil cíosa iomarcaigh agus blocáil ar iontrálaithe nua as comhchruinniú sonraí a bheith i seilbh líon beag cuideachtaí;

34. á mheas, cé go n-aithníonn sí na hiarrachtaí atá déanta, nár tugadh aghaidh ar bhealach leordhóthanach go dtí seo ar fhadhbanna atá nasctha leis an gceannas iomarcach atá ag

gnóthais teicneolaíochta mhóra sa mhargadh agus gur gá na fadhbanna sin a réiteach mar ábhar práinne;

35. ag aithint na ndúshlán atá romhainn maidir le ceapadh beartais agus forfheidhmiú na hiomaíochta a bhaineann, *inter alia*, le héifeachtaí líonra, le comhchruinniú, le comhiomlánú agus le húsáid sonraí i margaí nach mbeidh aon phraghsáil i gceist leo, algartaim phraghsála, struchtúrú ardán mór agus idirghabháil an mhargaidh;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún aird chuí a thabhairt agus breithniú cúramach a dhéanamh ar fhadhbanna iomaíochta struchtúracha a bhaineann le seasaimh na líonraí íocaíochta reatha i leith rialú rochtana, ar fadhbanna iad nár tháinig fás orthu ach amháin le linn phaindéim COVID-19;

37. á chur in iúl gur geal léi achomharc an Choimisiúin i gcoinne rialú Apple[1]; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go léirítear arís le cás Apple go bhfuil gá le rialacha fónta maidir le Státchabhair, agus córais chánach thairbhiúla á gcur san áireamh;

38. ag tabhairt dá haire go bhfuil tréimhse thar a bheith fada i gceist leis na hionstraimí traidisiúnta a mbaineann na húdaráis iomaíochta úsáid astu, amhail imscrúduithe ar mhí-úsáid cheannasachta sa mhargadh a d'fhéadfadh a bheith ann, ar léir go bhfuil fadhb leis sna margaí digiteacha mearghluaisteachta; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, measúnú ón gCoimisiún maidir leis an ngá atá le huirlisí nua iomaíochta a bhféadfadh gá a bheith leo chun dul i ngleic le fadhbanna iomaíochta struchtúracha ar fud na margaí éagsúla, ar fadhbanna iad nach féidir leis na rialacha reatha aghaidh a thabhairt orthu ar an mbealach is éifeachtaí agus á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún faireachas cúramach ar na margaí sin chun go mbeifear in ann saincheisteanna móra agus bearnaí dlíthiúla a bhrath agus idirghabháil a dhéanamh ina leith go mear agus go héifeachtúil; ag tabhairt dá haire gur minic nár éirigh le fíneálacha arna n-eisiúint ag na húdaráis iomaíochta éifeacht dhíspreagthach a bheith acu ar chuideachtaí móra teicneolaíochta toisc nach meastar iad ach mar chostais a bhaineann le gnó a dhéanamh;

39. á chur in iúl gur geal léi togra ón gCoimisiún maidir le hIonstraim um Margaí Digiteacha (DMA) chun toirmeasc a chur ar ardáin ó bheith rannpháirteach i gcleachtais ghnó féintosaíochta (lena n-áirítear cuachadh/réamhshuiteáil éigeantach), nó ó bheith ag oibriú i réimeanna gnó atá spleách ar an ardán nó a idiroibríonn leis, mar aon le hiallach a chur ar ardáin a seirbhísí a chomhoiriúnú le líonraí atá in iomaíocht leo chun lamháil d'idir-inoibritheacht, lena n-áirítear croísheirbhísí, iniomparthacht sonraí agus comhtháthú ildíoltóra; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar chásanna inar léir go soiléir go raibh na leigheasanna a cuireadh ar fáil neamhéifeachtach chun an iomaíocht a athbhunú i margadh na siopadóireachta ar bhonn comparáide;

40. á mheabhrú, maidir le buntáistí sonraí-bhunaithe atá nasctha le comhroinnt sonraí agus le díol sonraí, ach seirbhísí freisin a leagtar síos mar réamhshocruithe, go bhfuil baol ann go dtabharfar stádas 'geatóra' sna margaí digiteacha do roinnt cuideachtaí, agus gur gá do DMA aghaidh a thabhairt go héifeachtach air sin; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh sé ar chumas an Choimisiúin iallach a chur ar ardán rialaithe rochtana struchtúr rogha tomhaltóra a bheidh éifeachtach agus oibiachtúil a

---

[1] Breithiúnas an 15 Iúil 2020, *Ireland and Others v Commission*, T-778/16 agus T-892/16, EU:T:2020:338.

chur in ionad réamhshocraithe áirithe;

41. á mheas go bhféadfadh díchuachadh na monaplachtaí Mórtheicneolaíochta a bheith inmhianaithe chun iomaíocht a athbhunú sna margaí digiteacha i bhfianaise theorainneacha na bhfíneálacha agus mainneachtain na leigheasanna iompraíochta san am a chuaigh thart i gcásanna áirithe in aghaidh trustaí; á chur i bhfáth go dtugann leigheasanna iompraíochta spriocdhírithe agus éifeachtacha réiteach atá éifeachtúil ó thaobh ama de; ag moladh go ndéanfar creat rannpháirteach in aghaidh trustaí a chur chun feidhme chun idirphlé leanúnach a chothú le gach gnóthas, deimhneacht dhlíthiúil, trédhearcacht agus cosaint tomhaltóirí a mhéadú, agus réitigh éifeachtacha a áirithiú;

42. ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur leis na nósanna imeachta, go háirithe maidir le rialacha in aghaidh trustaí agus i margaí digiteacha atá ag fás go mear; á iarraidh go mbeidh ann do chomhar freisin, ina leith sin, ó chuideachtaí atá faoi imscrúdú; ag cáineadh an chleachtais a bhíonn ag roinnt cuideachtaí atá faoi imscrúdú maidir le síneadh saorga a chur le himscrúduithe trí shíneadh ama a iarraidh go córasach agus trí fhreagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis le moilleanna substaintiúla amháin nó trí thograí neamhéifeachtacha a thíolacadh i gcomhair gealltanais a ghlacfaidís;

43. ag tabhairt dá haire, thairis sin, cé go bhfuil sé tábhachtach próis chuí agus ceart cosanta na ngnóthas atá faoi imscrúdú a áirithiú, gur gá nósanna imeachta riaracháin a dhéanamh níos mire agus níos éifeachtúla; á chur i bhfáth an gá atá le féachaint an bhféadfaí úsáid níos córasaí a bhaint as bearta sonracha amhail bearta eatramhacha, mar aon le leigheasanna struchtúracha agus iompraíochta eile, ar mhaithe le saobhadh iomaíochta do-athraithe a chosc; á mheabhrú, ina leith sin, go ndearna an Coimisiún ‘bearta idirlinne’ a shainaithint san iarscríbhinn a ghabhann le Treoir ECN+[1], mar ‘uirlis lárnach do na húdaráis iomaíochta chun a áirithiú nach ndéanfar díobháil don iomaíocht fad a bhíonn imscrúdú ar siúl’; á chur in iúl gur oth léi agus gur cúis bhuartha di nár baineadh úsáid as bearta eatramhacha ach uair amháin in imeacht 20 bliain; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an bhFógra um Leigheasanna[2] trí na forbairtí agus an éabhlóid san earnáil dhigiteach le blianta beaga anuas a chur san áireamh;

44. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil cur chuige ar leith ag tograí ón gCoimisiún maidir le hIonstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus le hIonstraim um Margaí Digiteacha i leith na seirbhísí digiteacha uile, na seirbhísí digiteacha an-mhóra, agus i leith geatóirí; ag tabhairt dá haire go háirithe gurb é is aidhm do thogra DMA ná feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trí iomaíocht éifeachtach agus machaire comhréidh a chur chun cinn sna margaí digiteacha agus timpeallacht chothrom agus inchomórtais d’ardáin ar líne a chur chun cinn; á chur in iúl gur oth léi nach ann do bhearta leormhaithe i gcoinne idirghabhálaithe fógraíochta sna dréacht-tograí; ag tabhairt dá haire nach mbeifear in ann an chéad ghníomhaíocht forfheidhmithe faoin rialachán nua maidir le DMA a dhéanamh ach i gceann cúig bliana; ag tathant ar an gCoimisiún, dá

---

1 Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú (IO L 11, 14.1.2019, lch. 3).

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le leigheasanna atá inghlactha faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún (IO C 267, 22.10.2008, lch. 1).

bhrí sin, a fhorfheidhmiú in aghaidh trustaí a shaothrú i gcásanna nua agus atá ar feitheamh a bhaineann le geatóirí sa timpeallacht dhigiteach;

45. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá creat forfheidhmithe leormhaith i dtaca le DMA a bheidh ann amach anseo; á mheas gur cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil d'fheidhm mhaoirseachta an Choimisiúin agus gur cheart go lamhálfaí do rannpháirtíocht na ngníomhaithe uile leis an bpróiseas maoirseachta, lena n-áirítear ÚINanna, rialtóirí earnála náisiúnta, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus eagraíochtaí tomhaltóirí; á chur i bhfáth nár cheart dearadh na leigheasanna a fhágáil faoi bhreithiúnas aonair na cuideachta inchoirithe, ach gur cheart, ina ionad sin, é a bheith faoi réir sásra dian comhlíonta;

46. á mheas gur uirlis chomhlántach é togra DMA do na rialacha iomaíochta a bhfuil sé mar aidhm leo margaí ar líne atá cothrom agus inchoimhlinte a áirithiú; á chur i bhfáth nár cheart go ndéanfaí leis forfheidhmiú cuí dhlí na hiomaíochta atá i bhfeidhm cheana féin a chur i mbaol, lena n-áirítear dlíthe náisiúnta atá cheana ann, ná cosc a chur ar an gCoimisiún ó leas iomlán a bhaint as na huirlisí atá aige cheana i bhforfheidhmiú iomaíochta; ag tagairt, ina leith sin, d'ábhair imní atá ar feitheamh a bhaineann le cinneadh Android[1] agus le hiomaíocht neamhleor sa chuardach ar líne;

47. ag tabhairt dá haire gur dhiúltaigh gníomhairí an mhargaidh agus eagraíochtaí tomhaltóirí ar fud na hEorpa do na leigheasanna a mhol Google mar leigheasanna neamhleora; á iarraidh ar an gCoimisiún cúisimh in aghaidh trustaí a dhéanamh i gcoinne Google as mí-úsáid cheannasachta i seirbhísí cuardaigh speisialaithe eile, lena n-áirítear cuardach áitiúil;

48. á iarraidh ar an gCoimisiún lánúsáid a bhaint as a ionstraimí beartais iomaíochta chun machaire comhréidh cothrom a ráthú agus chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí geatóra a d'fhéadfadh a bheith ann a mhéid a bhaineann le rochtain ar eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin le haghaidh na hintleachta saorga agus sonraí;

49. á mheas gur cheart go mbeadh ról gníomhach ag Parlaimint na hEorpa sa díospóireacht pholaitiúil ar bheartas iomaíochta, lena n-áirítear trí éisteacht phoiblí a eagrú le POFanna GAFA (Google, Amazon, Facebook, Apple) maidir lena straitéisí corparáide i réimse na hiomaíochta agus na gcleachtas cánachais; á chur in iúl gur oth léi gur dhiúltaigh gach duine den cheathrar POFanna cuirí chuig éisteacht den sórt sin; á chur in iúl gur oth léi thairis sin nach bhfuil sásraí cuí i bhfeidhm ag an bParlaimint chun sainordú dlíthiúil a thabhairt i leith láithreachtaí den sórt sin agus ag súil go bhféadfar é sin a réiteach go luath;

50. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an clár trédhearcachta chun grinnscrúdú poiblí ar iarrachtaí brústocaireachta a áirithiú arb é is aidhm dó saobhadh iomaíochta a chosc; á iarraidh go mbeidh ann do chlár trédhearcachta AE ina mbeidh faisnéis a bhaineann le cistiú cuideachtaí nó comhlachas chun geallsealbhóirí a chosc ó ghníomhú thar ceann cuideachtaí eile gan sonrú go bhfuil siad ag déanamh amhlaidh;

51. á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach cuidiú le tomhaltóirí agus le húsáideoirí níos mó smacht a fháil ar a gcuid sonraí féin agus ar a gcéannacht féin, agus freagracht a

---

[1] Breithiúnas an 23 Meán Fómhair 2019, *Ireland and Others v Commission*, T‑604/18, EU:T:2019:743.

ghlacadh as an méid sin, agus á iarraidh go dtabharfar ardleibhéal cosanta do shonraí pearsanta agus leibhéil trédhearcachta agus chuntasachta na seirbhísí digiteacha á méadú ag an am céanna; á mheabhrú nach bhfuil rogha eile ag tomhaltóirí ach a dtoiliú a thabhairt mura bhfuil siad ag iarraidh rochtain ar chuid de na seirbhísí arna soláthar ag ardáin ar líne a chailliúint; á iarraidh ina leith sin creat éigeantach comhroinnte sonraí lena gcuirfí na huirlisí ar fáil do thomhaltóirí chun úinéireacht a ghlacadh mar is ceart ar a sonraí féin agus na sonraí sin a bhainistiú ar bhealach níos simplí agus níos éifeachtaí;

52. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a rialacha maidir le cumaisc agus éadáil sa mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a mheasúnú; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú agus measúnú iomlán a dhéanamh ar shócmhainní sonraí pearsanta ar an gcaoi chéanna leis na sócmhainní fisiciúla go léir eile nuair a chinntear cumaisc agus éadálacha digiteacha; ag tathant ar an gCoimisiún dearcadh níos leithne a ghlacadh nuair a dhéanann sé meastóireacht ar chumaisc dhigiteacha agus measúnú a dhéanamh freisin ar iarmhairt comhdhlúthaithe sonraí, lena n-áirítear iarmhairt na teicneolaíochta fógraíochta atá ag croílár shamhail ghnó na mórchuideachtaí teicneolaíochta;

53. ag tabhairt dá haire go bhféadfaí rialú níos fearr a dhéanamh ar acmhainní luachmhara sonraí nach féidir a mhacasamhlú trí spriocanna le hacmhainní sonraí sonracha a éadáil agus go bhféadfaí rochtain níos fearr ar shonraí a bheith mar thoradh air sin do na páirtithe cumaisc ná dá n-iomaitheoirí; á chur i bhfáth go bhféadfadh comhdhlúthú sonraí trí chumaisc ceannasacht a neartú nó ligean don eintiteas éadála cumhacht mhargaidh a ghiaráil, agus imní foriaimh a ardú in amanna; á chur in iúl gurb oth léi, dá bhrí sin, an cinneadh ón gCoimisiún táthcheangal Google ar Fitbit, an chuideachta gléasanna corpacmhainne inchaite; á chur in iúl gur cúis bhuartha di próiseáil sonraí pearsanta ó úsáideoirí Fitbit amach anseo, lena n-áirítear sonraí pearsanta sláinte, a fhéadfar a úsáid chun críocha fógraíocht dhigiteach; á shonrú gur cheart go bhféachfar ar shonraí pearsanta sláinte mar chatagóir speisialta sonraí sláinte, de réir mar a leagtar síos in Airteagal 9 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[1]; ag tabhairt dá haire go bhfuil na leighseanna a mhol Google agus a d'fhormhuinigh an Coimisiún neamhleor chun iomaíocht éifeachtach a áirithiú maidir le gléasanna inchaite agus an tsláinte dhigiteach, ar réimsí iad a bhfuil dtábhacht ag méadú i saol tomhaltóirí;

54. ag tabhairt dá haire, i roinnt margaí sonracha le haghaidh sonraí airgeadais, go bhfuil iliomad díoltóirí agus, cé nach bhfuil sciar ceannasach den mhargadh acu, nach bhfuil mórán iomaíochta ann; ag tabhairt dá haire chomh maith go bhfuil seasamh mar chomhiomlánóirí sonraí ag roinnt díoltóirí sonraí margaidh airgeadais a d'fhéadfadh gníomhú mar gheatóirí agus ar an gcaoi sin rochtain ar shonraí a rialú agus an úsáid a theorannú do chustaiméirí; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chásanna den sórt sin ina mbaineann cuideachtaí seasamh geatóirí nó olagaplachtaí amach agus bearta a fhorbairt chun iomaíocht a athbhunú, tacú le trédhearcacht praghsanna agus cleachtais tráchtála éagóracha agus mhíréasúnacha a sheachaint;

55. á chur in iúl gurb oth léi agus gur chúis bhuartha di éadáil Whatsapp ag Facebook in 2014; á mheabhrú gur inis Facebook bréaga don Choimisiún le linn dó an táthcheangal

---

1 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE. IO L 119, 4.5.2016, lch. 1

a mheasúnú faoin gcumas teicniúil a bhí ag Facebook sonraí Whatsapp a úsáid chun críocha fógraíocht dhigiteach; á shonrú gur thosaigh Facebook ag úsáid meiteashonraí ó chomhráite Whatsapp chun críocha fógraíochta in 2016; á mheabhrú gur ghearr an Coimisiún fíneáil ar Facebook in 2017 as bréaga a insint le linn phróiseas a mheasúnaithe; á athdhearbhú go gcuireann Airteagal 105 CFAE d'oibleagáid ar an gCoimisiún bearta iomchuí a mholadh chun deireadh a chur le sáruithe ar Airteagail 101 agus 102 CFAE; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta iomchuí a mholadh chun stop a chur le Facebook de bheith ag úsáid sonraí úsáideoirí Whatsapp chun críocha a fhograíochta;

56. á iarraidh go bhfeabhsófar bonneagar agus acmhainneacht oibríochtúil athléimneachta an Aontais in earnálacha criticiúla digiteacha, lena n-áirítear trí iomaíocht chothrom a spreagadh agus trí phrionsabail maidir le ceadúnú cóir bogearraí a chur chun cinn i margaí néalríomhaireachta Eorpacha; á mheas go bhfuil iomaíocht inbhuanaithe agus an tseachaint i dtaca le struchtúir mhonaplacha i margaí ríthábhachtach d'aistriú digiteach, do théarnamh eacnamaíoch agus d'iomaíochas na hEorpa;

57. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú agus oiriúnú a dhéanamh ar an modheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar mhí-úsáid ceannasachta agus a áirithiú go mbeidh an coincheap 'saoráidí riachtanacha' oiriúnach don fheidhm sa ré dhigiteach i gcónaí; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar choincheap na 'ceannasachta' a chomhlánú le coincheapa amhail 'spleáchas' agus 'cumhacht margaidh choibhneasta';

58. ag tabhairt dá haire gur fhorbair roinnt struchtúr olagaplach i réimse na seirbhísí airgeadais agus go bhfuil roinnt gnóthais teicneolaíochta mhóra ina ngníomhaithe tábhachtacha anois i margadh na seirbhísí airgeadais; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na buntáistí iomaíocha a bhaineann go dlúth leis na hoibreoirí sin iomaíocht sa mhargadh a shaobhadh agus díobháil a dhéanamh do leasanna na dtomhaltóirí agus don nuálaíocht;

59. á mheas nach mór cosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta, prionsabal an neamh-idirdhealaithe, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoráil faisnéise a chur i gcroílár beartais rathúil mharthanaigh de chuid AE maidir le seirbhísí digiteacha;

***Rialú Státchabhrach***

60. ag tabhairt dá haire gur cuid lárnach den bheartas iomaíochta é an beartas Státchabhrach agus gur léiriú é rialú Státchabhrach ar an ngá atá le machaire comhréidh a choinneáil do gach gnóthas a dhéanann gníomhaíochtaí sa mhargadh aonair;

61. á athdhearbhú go bhfuil Seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (SGEI) bunriachtanach i gcónaí ionas go mairfidh roinnt pobal ar fud na hEorpa, go háirithe i réigiúin leithlisithe, i réigiúin iargúlta nó i réigiúin fhorimeallacha san Aontas; á chur in iúl gur geal léi comhairliúchán oscailte an Choimisiún ar fhóirdheontais rialtais do sheirbhísí bunriachtanacha; á chur in iúl gur geal léi na Treoirlínte nua maidir le státchabhair réigiúnach a glacadh le déanaí; á mheabhrú go bhfuil gá le treochlár chun Státchabhair atá spriocdhírithe ar bhealach níos fearr a bhaint amach, go háirithe chun SGEI a sholáthar;

62. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú críochach a sheoladh ar thionchar socheacnamaíoch ghéarchéim COVID-19 i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na

rialacha maidir le státchabhair agus an phróisis ábhartha athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair; ag tabhairt dá haire gur cheart, i ndáil leis an méid sin, aird ar leith a thabhairt ar anailís a dhéanamh ar na tionchair ar fhiontair atá bunaithe ar oileáin AE agus ar na réigiúin is forimeallaí, i gcomhréir le forálacha Airteagal 174 agus Airteagal 349 CFAE;

63. á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú cúramach a dhéanamh ar earnálacha atá ina mbunús le go leor tionscal eile, agus freisin ar shlabhra luacha inbhuanaithe sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais; á athdhearbhú gur gá teicneolaíochtaí agus cleachtais táirgthe a chur chun cinn as a dtagann laghdú suntasach ar thionchair ar an gcomhshaol;

64. á iarraidh go ndéanfaí rialacha uile an Aontais maidir le hiomaíocht agus Státchabhair a ailíniú le cuspóirí fadtéarmacha na sochaí, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip, agus gealltanais aeráide an Aontais á gcur san áireamh; ag cur in iúl gurb oth léi cé go bhfuil an sainmhíniú ar an meascán fuinnimh fós ina inniúlacht náisiúnta, nach ndéanann formhór na mBallstát an státchabhair coinníollach ar na cuspóirí sin;

65. á chur in iúl gur geal léi an comhairliúchán a seoladh maidir leis an mbealach ina bhféadfar tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip tríd an mbeartas iomaíochta agus éifeachtúlachtaí glasa agus inbhuanaithe a chur san áireamh ar bhealach níos fearr nuair atáthar ag déileáil le Státchabhair, le rialú cumaisc agus le rialacha in aghaidh trustaí; á iarraidh ar an gCoimisiún, mar chuid den athbhreithniú atá ar na bacáin ar na Treoirlínte maidir le Státchabhair um chaomhnú comhshaoil agus um fuinneamh agus maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair, dreasachtaí agus coinníollacha nithiúla a chur i bhfeidhm chun leanúint ar aghaidh ar chonair an dícharbónaithe; á iarraidh go háirithe go dtabharfaí treoir maidir le hathchumhachtú, tionscadail hibrideacha agus stóráil leictreachais agus maidir le hinfheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus in athchóiriú foirgneamh; á athdhearbhú, thairis sin, chun aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach go bhfuil gá le bearta chun dul i ngleic le hathrú struchtúrach, lena n-áirítear réigiúin ghuail a shainaithint mar limistéir chúnaimh i gcomhréir le hAirteagal 107(3) CFAE;

66. á chur in iúl gur cúis imní di gur próiseas fada, anásta fós é státchabhair neamhdhleathach a aisghabháil; á thabhairt chun suntais, thairis sin, gur cheart trédhearcacht agus inrianaitheacht phróiseas meastóireachta na gcásanna Státchabhrach a fheabhsú, agus riosca idirnascthachta nach bhfuil diomaibhseach idir cásanna á gcur san áireamh;

***Rialú cumaisc, imeachtaí in aghaidh trustaí agus cairtéil***

67. ag tathant ar an gCoimisiún fanacht airdeallach agus Airteagal 102 CFAE a fhorfheidhmiú go docht lena dtoirmisctear mí-úsáid ceannasachta chomh maith lena nósanna imeachta um rialú cumasc, a chumhdaítear sa Rialachán um Chumaisc CE[1];

68. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas a thug an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a Fhógra ó 1997[2] maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha i bhforfheidhmiú an Choimisiúin ar chumaisc agus in aghaidh trustaí; ag moladh do Choimisiún aird a

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

2 IO C 372, 9.12.1997, lch. 5.

thabhairt ina chuid measúnuithe iomaíochais, ar bhonn gach cáis ar leith, ar fhís níos fadtéarmaí ina gcuimsítear an ghné dhomhanda agus an iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo; á thabhairt chun suntais roimhe seo, gurbh fhéidir go raibh sainmhíniú an Choimisiúin ar an margadh ábhartha róchúng chun iomaíocht dhinimiciúil sna margaí domhanda a chur san áireamh go leordhóthanach; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige níos dinimiciúla a ghlacadh maidir le sainmhíniú an mhargaidh, agus critéir na nuálaíochta a bheith ina ngné lárnach den anailís mhargaidh ábhartha a mhéid a bhaineann le rialú cumaisc Eorpach;

69. á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte na gcumasc a athbhreithniú chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaineann le cumaisc a chur san áireamh, lena n-áirítear an dúshlán a bhaineann le hiomaíochas tionsclaíoch AE; á chur in iúl gur geal léi i ndáil leis sin go bhfuil an tAonad um Tosaíochtaí agus um Chomhordú Straitéiseach de chuid AS COMP in ann leas a bhaint as an saineolas atá ag Ard-Stiúrthóireachtaí uile an Choimisiúin maidir le himscrúduithe AS COMP; á chreidiúint go bhféadfaí an saineolas atá taobh thiar de straitéis thionsclaíoch agus earnála an Choimisiúin a neartú chun tacú le foirne imscrúdaithe AS COMP chun indéantacht agus iarmhairtí na leigheasanna maidir le tosaíochtaí an Choimisiúin a aithint;

70. á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir maidir le Damáiste[1], a luaithe a bheidh dóthain taithí faighte ó chur i bhfeidhm na rialacha nua i ngach Ballstát chun measúnú a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le roinnt athruithe a dhéanamh chun caingne i leith damáistí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhchuibhithe ar fud an Aontais;

71. á chur in iúl gur geal léi tabhairt isteach 'uirlís eLeniency' ag an gCoimisiún; á mheabhrú le forbairt phras margaí digiteacha, go dtagann dúshláin nua chun cinn maidir leis an mbeartas iomaíochta a chur chun feidhme; ag moladh i ndáil leis sin go bhféachann an Coimisiún ar fheidearthachtaí idirghabhála *ex ante*, go háirithe i margaí digiteacha, agus ar na modhanna riachtanacha a sholáthar do na húdaráis iomaíochta agus rialála náisúnta agus AE chun sonraí a bhailiú go hanaithnid ionas go mbeidh siad in ann teipeanna margaidh a bhrath ar bhonn níos fearr in am trátha;

72. á chur i bhfios go bhféadfadh mí-úsáid cumhachta margaidh agus iompar éagórach lena mbaineann, amhail díghrádú cáilíochta nó cleachtais sracaireachta, tarlú fiú nuair a chuirtear táirgí nó seirbhísí ar fáil saor in aisce; á chur i bhfáth go dtéann leasanna thomhaltóirí AE níos faide ná praghsanna ísle agus, i gcomhréir le prionsabail CFAE, go n-áirítear cáilíocht, nuálaíocht, táirgiúlacht, inbhuanaitheacht, cosaint an chomhshaoil agus leathadh caidreamh cóirthrádála leo; á mheas gur cheart go ndéanfaí luach earraí poiblí agus seachtrachtaí a bhaineann le cineálacha áirithe táirgeachta a chomhtháthú ar bhonn níos fearr i mbeartas iomaíochta;

73. á mheabhrú go gcuirtear san áireamh i léirmhíniú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar Airteagal 101 CFAE cuspóirí éagsúla na gConarthaí; á chur in iúl go

---

[1] Treoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh. (IO L 349, 5.12.2014, lch. 1).

háirithe breithiúnas Wouters[1] ina raibh an leas coiteann i réim agus dá bhrí sin gur measadh go raibh údar le teorainneacha iomaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún 'teoiric na díobhála' a cheapadh, lenar cheart an ceann is fearr a fháil ar chur chuige praghas-lárnach agus cúinsí níos leithne a chur san áireamh, agus béim á leagan aige ar thábhacht phrionsabal na comhréireachta, rud a chiallaíonn nach féidir le teorainneacha iomaíochta dul thar a bhfuil riachtanach don leas coiteann; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, treoir a eisiúint i ndáil leis sin maidir leis an léirmhíniú ar 'bhac suntasach ar iomaíocht éifeachtach' faoin Rialachán um Chumaisc;

74. ag aontú le CIE go mbaineann an Coimisiún dea-úsáid, ar an iomlán, as a chumhachtaí forfheidhmithe i rialú cumaisc agus in imeachtaí in aghaidh trustaí, cé go bhfuil gá le feabhsuithe i roinnt réimsí; ag tabhairt dá haire go háirithe go bhféadfadh sé nach mbeadh na tairseacha láimhdeachais oiriúnach chun gach cás a bhrath ar cheart d'údaráis iomaíochta athbhreithniú a dhéanamh orthu; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, smaoineamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha chun tosca amhail an líon tomhaltóirí ar a bhfuil tionchar agus luach na n-idirbhearta gaolmhara a chur san áireamh mar chuid den mheastóireacht leanúnach ar an Rialachán um Chumaisc CE; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, measúnú a dhéanamh ar na leibhéil is airde de chomhchruinniú atá ag tarlú mar gheall ar úinéireacht chothrománach ag cuideachtaí móra bainistithe sócmhainní mar chuid dá mheastóireacht leanúnach ar an Rialachán um Chumaisc CE agus smaoineamh ar threoirlínte a eisiúint maidir le hAirteagail 101 agus 102 CFAE a úsáid ina leith sin;

75. ag tabhairt dá haire, cé go dtugann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le fios, mar is ceart, nach féidir conclúidí a bhaint as méid na bhfíneálacha i dtaobh an bhfuil siad ina ndíspreagadh éifeachtach, go gcuireann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i bhfios go láidir freisin go bhféadfaidh uasteorainn na bhfíneálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, ann féin, teorainn a chur leis an éifeacht dhíspreagthach i 'gcásanna tromchúiseacha'; á chur i bhfios, ina leith sin, cé go bhfuil leibhéal na bhfineálacha arna bhforchur ag an gCoimisiún i measc na gcinn is airde ar domhan, d'fhan beagnach dhá thrian de na fíneálacha a d'fhorchuir an Coimisiún i gcásanna cairtéil ó 2006 faoi 0.99 % den láimhdeachas bliantúil domhanda, agus mar sin, go maith faoi bhun uasteorann 10 % de láimhdeachas bliantúil domhanda cuideachta atá ceadaithe[2]; á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí díspreagthacha a bhfíneálacha agus breithniú a dhéanamh ar fhíneálacha suas le 40 % de láimhdeachas bliantúil domhanda a ghearradh i gcásanna tromchúiseacha cairtéil;

76. á mheabhrú go bhfuil cairtéil ina gcuid de na sáruithe is tromchúisí ar dhlí na hiomaíochta agus gurb iad monaplachtaí an cineál comhcruinnithe margaidh is mó imní; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé iompraíocht neamhdhleathach cairtéil a rianú, ós rud é go dtéann sáruithe ar dhlí na hiomaíochta mar sin i gcoinne leasanna shaoránaigh an Aontais, rud a fhágann go mbíonn costais i bhfad níos airde ar thomhaltóirí agus go bhfuil baol ann go maolófar an nuálaíocht agus an cháilíocht;

77. á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé, i bhfianaise géarchéime, go mbeadh roinnt

---

1 Breithiúnas an 19 Feabhra 2002, *J. C. J. Wouters, J. W. Savelbergh agus Price Waterhouse Belastingadviseurs BV v Algemene Raad van de Nederlandse Orde van Advocaten*, C-309/99, EU:C:2002:98.

2 https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/SR20_24/SR_Competition_policy_EN.pdf

gnólachtaí ag iarraidh struchtúr tionscail a atheagrú trí 'chairéil ghéarchéime', mar a thugtar orthu, a dhéanamh, i.e. comhaontuithe idir an chuid is mó de na hiomaitheoirí nó na hiomaitheoirí uile chun aschur a theorannú agus/nó an toilleadh a laghdú chun an bhrabúsacht a mhéadú agus chun cosc a chur le himeacht ón margadh le linn géarchéime;

78. ag moladh go mbreathnófaí ar chleachtais 'díoth-éadálacha' a d'fhéadfadh an nuálaíocht agus an borradh faoi ghnólachtaí nuathionscanta agus fiontair bheaga Eorpacha a chur i mbaol; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an tionscnamh ón gCoimisiún chun úsáid níos fearr a bhaint as 'clásal na hÍsiltíre' d'Airteagal 22 den Rialachán um Chumaisc agus tús a chur le glacadh le tarchuir ó údaráis iomaíochta náisiúnta maidir le cumaisc ar fiú athbhreithniú a dhéanamh orthu ar leibhéal an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a chleachtas tarchuir bunaithe ar an Airteagal thuasluaite agus treoirlínte a eisiúint ina leith, i gcomhthráth leis an oibleagáid faisnéis a thabhairt faoi chomhchruinnithe dá bhforáiltear san Ionstraim um Margaí Digiteacha;

*Forbairtí earnálacha*

79. á athdhearbhú gur cúis mhór bhuartha di an comhchruinniú forleathan i slabhra an tsoláthair bia agus sa slabhra talmhaíocht Eorpach chun dochair do thomhaltóirí, d'fheirmeoirí beaga, don chomhshaoil agus don bhithéagsúlacht araon; á thabhairt chun suntais gurb é an toradh atá ar chumhacht iomarcach na bpróiseálaithe iartheachtacha nó na gceannaitheoirí iartheachtacha sa slabhra soláthair ná brú anuas ar phraghsanna feirme;

80. á chur in iúl gur geal léi ina leith sin an Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia[1], mar chéim thosaigh thábhachtach chun cothroime idir oibreoirí a áirithiú, chun déchaighdeáin i gcleachtais agraibhia a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime na cumhachta margála; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán géar a dhéanamh ar dhul chun cinn a trasuímh agus comhroinnt dea-chleachtas idir Ballstáit a chur chun cinn;

81. á iarraidh freisin ar an gCoimisiún leanúint de mhionanailís a dhéanamh ar fairsinge agus éifeacht comhaontais cheannacháin, agus ar an gcaoi sin aird ar leith a dhíriú ar iomaíocht chóir agus níos mó trédhearcachta i gcleachtais tráchtála na slabhraí ollmhargaidh agus hipearmhargaidh, go háirithe i gcás ina ndéanann cleachtais den sórt sin difear do luach an bhranda agus rogha na dtáirgí nó ina gcuireann sé teorainn leis an nuálaíocht nó le hinchomparáideacht praghsanna, chun a áirithiú go bhfaigheann feirmeoirí coinníollacha córa agus praghsanna córa dá gcuid táirgí; ag cur in iúl gur oth léi nach bhfuil cosc ar dhíol ar chaillteanas ar leibhéal an AE;

82. ag tarraingt aird ar líon méadaitheach agóidí na bhfeirmeoirí agus á thabhairt dá haire go bhfuil an tionchar carnach atá ag comhaontuithe saorthrádála ar earnáil agraibhia AE ar cheann de na hábhair imní atá ag a rannpháirtithe; á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar aon chleachtais fhrithiomaíochta arna ndéanamh ag tíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, ar cleachtais iad ar baol dóibh pionós a ghearradh ar

---

[1] Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59).

earnáil talmhaíochta agus ar fheirmeoirí an Aontais, mar gheall ar na difríochtaí i gcaighdeáin shóisialta, sláinte, saothair, chomhshaoil agus leasa ainmhithe lasmuigh den Aontas; á iarraidh go gcuirfí prionsabail na cómhalartachta agus an chomhlíonta i bhfeidhm do tháirgí talmhaíochta sa chaibidlíocht trádála atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

83. ag tabhairt dá haire gur inniúlacht náisiúnta den chuid is mó é an cánachas, atá ag brath ar thuairimí polaitiúla agus ar ghníomhaíochtaí a dhéanann rialtas agus parlaimintí, agus go bhfuil sé bunaithe ar bheartais fhioscacha agus ar ardmhianta polaitiúla maidir le hairgeadas poiblí; á chur in iúl gur geal léi forairdeall an Choimisiúin i dtaobh rialacha maidir le Státchabhair a fhorfheidhmiú i réimse an chánachais; á athdhearbhú gur féidir le Státchabhair fhioscach roghnaíoch machaire míchothrom a chruthú sa mhargadh inmheánach agus nach amháin go ndéanann pleanáil ionsaitheach chánach dochar d’iomaíocht chothrom ach go mbaintear an bonn léi freisin ó fheidhmiú ceart na gcóras sóisialta i gcoitinne; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé an córas cánachais atá ann faoi láthair a athchóiriú chun a áirithiú go n-íocfar cánacha i gcás ina gcruthófar luach; á iarraidh ar an gCoimisiún i ndáil leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar a threoirlínte maidir le Státchabhair d’fhonn a mheas cé na bearta Státchabhrach fioscacha a shaobhann an iomaíocht;

84. ag tabhairt dá haire agus is cúis bhuartha di an ilroinnt agus éagsúlacht i dteileachumarsáid agus i naisc fíor-ardluais Idirlín araon ar fud na mBallstát agus idir ceantair uirbeacha agus thuaithe ar fud na hEorpa; á mheabhrú go bhfuil gá le hiomaíocht shláintiúil chun an bearna a dhúnadh;

85. ag leagan béim ar an tráth criticiúil do thionscal fáilteachais an Aontais, ar tionscal é a bhí, ó thaobh na heacnamaíochta agus an airgeadais de, ar an gceann is measa a buaileadh le linn na géarchéime leanúnaí; á chur in iúl gur geal léi Státchabhair atá dírithe ar an earnáil sa chomhthéacs sin;

86. á iarraidh ar an gCoimisiún, ina athbhreithniú ar an Treoir maidir le Creidmheas Tomhaltóirí[1], cosaint iomchuí do thomhaltóirí a áirithiú i réimse an chreidmheas tomhaltais, lena n-áirítear trí choinníollacha éifeachtacha iomaíochta a chur chun cinn idir oibreoirí, chomh maith le rochtain a éascú; á iarraidh i ndáil leis sin go gcuirfí ar chumas na dtomhaltóirí comparáid níos fearr a dhéanamh idir tairiscintí trí thrédhearcacht mhéadaithe, lena n-áirítear trí idirdhealú a dhéanamh idir na costais dhíreacha a bhaineann le haisíoc creidmheasa ó chostais indíreacha amhail muirir le haghaidh seirbhísí agus cánacha tríú páirtí, nach bhfuil inaisíoctha;

87. á chur in iúl gur chúis bhuartha di gur cheannaigh cuideachta stát-eagraithe ola príomhghrúpa preasa ar leo 20 nuachtán réigiúnacha, 120 iris sheachtainiúla agus 500 ardán ar líne[2] sa Bhallstáit lena mbaineann; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh i dtaobh chomhchruinniú úinéireacht na meán san Eoraip, agus go háirithe i gcomhthéacs corparáidí ilnáisiúnta a bhíonn ag ceannach amach soláthraithe

1 Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle. IO L 133, 22.5.2008, lch. 66.

2 https://www.dw.com/en/poland-state-run-oil-company-buys-leading-media-group/a-55859592

meán san Eoraip;

°

° °

88. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí náisiúnta na mBallstát agus i gcás inarb iomchuí, chuig údaráis iomaíochta réigiúnacha na mBallstát.